Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0351(NLE)**

**14182/23**
**ADD 1**

**LIMITE**

**UD 223**
**POLCOM 241**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 579 final ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 579 final ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2023) 579 final ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 12.10.2023
COM(2023) 579 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh maidir le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach**

**<u>DRÉACHTMHOLADH Uimh. .../...</u>**
**<u>ÓN gCOMHCHOISTE UM AN gCOINBHINSIÚN RÉIGIÚNACH MAIDIR LE RIALACHA TIONSCNAIMH FABHRACHA UILE-EORA-MHEÁNMHARA</u>**

**an ...**

**a mhéid a bhaineann le húsáid deimhnithe gluaiseachta a eisiatar go leictreonach**

PUBLIC

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, agus go háirithe Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(2) (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag tús na bliana 2020 chuir seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (Coinbhinsiún UEM) ar an eolas faoina dhodhéanta agus a bhíonn sé do thromlach na gcomhpháirtithe trádála deimhnithe gluaiseachta a sholáthar chun críoch tionscnaimh fhabhraigh i bhfoirm chuí (i.e. lámhscríofa agus sínithe, stampáilte le dúch fliuch nó san fhormáid cheart páipéir), toisc gur cuireadh ar fionraí roinnt teagmhálacha de chuid Páirtithe Conarthacha idir údaráis chustaim agus oibreoirí eacnamaíocha mar gheall ar phaindéim COVID-19.

(2) Mheas formhór na bPáirtithe Conarthacha go raibh sé iomchuí bearta eisceachtúla a ghlacadh chun cur chun feidhme iomlán na socruithe fabhracha trádála a chumhdaítear le Coinbhinsiún UEM a áirithiú. Bhí na bearta eisceachtúla sin infheidhme ar bhonn cómhalartach ag na comhpháirtithe trádála a raibh leas acu iontu, agus úsáid á baint as na forálacha ábhartha i rialacha tionscnaimh na socruithe.

(3) Le linn phaindéim COVID-19, d’fhorbair nó d’oiriúnaigh roinnt Páirtithe Conarthacha córais leictreonacha a bhí ann cheana agus lena n-eisiatar deimhnithe go leictreonach chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le solúbthacht agus comhlíonadh na gceanglas maidir le formáid na ndeimhnithe gluaiseachta a dtugtar tuairisc orthu i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM , go háirithe in Airteagal 16(2), agus in Iarscríbhinn III a agus Iarscríbhinn III b.

(4) Iarradh ar na húdaráis chustaim glacadh le deimhnithe gluaiseachta chun críoch fabhrach, ar deimhnithe gluaiseachta iad a eisiadh go leictreonach agus síniú digiteach, stampa digiteach nó séala digiteach na n-údarás inniúil orthu, nó cóip díobh i bhfoirm páipéir nó leictreonach (arna scanadh nó iad ar fáil ar líne).

(4) Bunaíodh an cleachtas sin ar úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear in Airteagal 24 d’Fhoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM maidir le cruthúnais tionscnaimh a chur isteach. Bunaítear leis an bhforáil seo go gcuirfear cruthúnais tionscnaimh faoi bhráid údaráis chustaim na tíre is allmhaireoir (nó na críche is allmhaireoir) i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa tír sin.

(6) D'iarr Páirtí Conarthach amháin go gcoinneofaí an *status quo* maidir leis an tsolúbthacht a tugadh isteach leis na bearta eisceachtúla sin chun go mbainfeadh na hoibreoirí eacnamaíocha tairbhe as as digitiú deimhnithe gluaiseachta.

(7) Cuireadh an Comhchoiste ar an eolas faoin iarraidh sin le linn a chruinnithe an 16 Meitheamh 2022.

(8) Aithníonn na Páirtithe Conarthacha an tairbhe a bhaineann le taithí na trádála fabhraí faoi na bearta eisceachtúla a glacadh mar gheall ar phaindéim COVID-19.

(9) Dearbhaíonn na Páirtithe Conarthacha a dtiomantas leanúint de na dea-chleachtais a tugadh isteach faoi na bearta eisceachtúla le linn phaindéim COVID-19, aithníonn siad a thábhachtaí atá sé modhanna leictreonacha a thabhairt isteach agus oibriú i gcomhar le chéile i dtreo córas comhchoiteann a bheidh bunaithe ar chruthúnais tionscnaimh leictreonacha agus ar chomhar riaracháin leictreonach laistigh de réigiún PEM.

(10) Le córais atá ceaptha chun deimhnithe gluaiseachta a eisiúint go leictreonach, ba cheart an deis a thabhairt d'údaráis chustaim barántúlacht na ndeimhnithe sin a sheiceáil láithreach.

(11) An t-aistriú chuig córas lena n-eisítear deimhnithe gluaiseachta go leictreonach agus lena ndéantar foráil maidir le comhar riaracháin leictreonach faoi chuimsiú Choinbhinsiún UEM, measann na Páirtithe Conarthacha gurb é an t-aistriú sin an chéad chéim i dtreo cruthúnas tionscnaimh a dhigitiú go hiomlán ar scála chrios UEM, go háirithe i bhfianaise ghlacadh Choinbhinsiún athbhreithnithe UEM a tharlóidh go luath.

(12) Ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, tá líonra de phrótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún UEM tar éis teacht i bhfeidhm cheana féin, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha[1]. Leis na rialacha sin, cumasaítear úsáid deimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach. Go dtí go nglacfar Coinbhinsiún athbhreithnithe UEM i measc na bPáirtithe Conarthacha uile, tá feidhm ag na rialacha Idirthréimhseacha i gcomhthráth le Coinbhinsiún UEM.

(13) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an dá shraith rialacha tionscnaimh is infheidhme i gcomhthreo agus go dtí go nglacfar Coinbhinsiún athbhreithnithe UEM a thiocfaidh in áit an dá shraith rialacha tionscnaimh, is iomchuí a mholadh go nglacfaí le deimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach, faoi chuimsiú Choinbhinsiún UEM,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Ba cheart do na Páirtithe Conarthacha glacadh le deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach nuair a chuirtear isteach iad tráth an allmhairithe ar choinníoll:

(a) go bhfuil foirm ag na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach atá cosúil leis an bhfoirm shamplach ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinní III a agus III b a ghabhann le Foscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún UEM;

---

1 IO C 51, 10.2.2023, lch. 1



PUBLIC

(b) go ndéanann údaráis chustaim an Pháirtí Chonarthaigh is onnmhaireoir foráil maidir le córas slán gréasánbhunaithe ar líne chun barántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach a fhíorú i gcás nach gcomhlíontar na treoracha priontála ar a dtugtar tuairisc in Iarscríbhinní III a agus III b (e.g. easpa patrúin giolóise chlóite uaine mar chúlra air, easpa stampa dúigh fhliuch, easpa sínithe lámhscríofa);

(c) go bhfuil sraithuimhir uathúil ar na deimhnithe gluaiseachta a eisítear go leictreonach agus, má tá fáil orthu, gnéithe slándála trínar féidir í a shainaithint; agus

(d) go ndéantar an dáta óna gcuirfidh Páirtí Conarthach tús le heisiúint deimhnithe gluaiseachta leictreonacha a fhoilsiú i bhfógraí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith C) agus é sin de réir a nósanna imeachta féin sna Páirtithe Conarthacha.

Féadfaidh Páirtí Conarthach a chinneadh go gcuirfear ar fionraí glacadh deimhnithe gluaiseachta arna n-eisiúint go leictreonach i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear thuas agus cuirfidh sé na Páirtithe Conarthacha eile ar an eolas roimh ré trí rúnaíocht Chomhchoiste UEM. Sa chás sin, léireofar dáta tosaigh na fionraí sna fógraí dá dtagraítear faoi phointe 'd'.

Arna dhéanamh [sa Bhruiséil], an 29 Samhain 2023],

*Thar ceann an Chomhchoiste*
*An Cathaoirleach*



PUBLIC